

LEABHRÁN EOLAIS d'IARRTHÓIRÍ

Ceannasaí um Chlaochlú
Digiteach

Dáta Deiridh: 10r.n. ar Dé Luain, 6 Eanáir 2025.

Eolas d'Iarrthóir

Is fostóir comhdheiseanna í an Chomhairle Mhúinteoireachta agus is ar bhonn fiúntais a mheasfar gach iarratas ar fhostaíocht. Fáiltíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, gan beann ar chreideamh, inscne, míchumas, cine, tuairim pholaitiúil, aois, stádas pósta, gnéaschlaonadh, nó cibé an bhfuil cleithiúnaithe acu nó nach bhfuil.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cuireann sí fáilte roimh iarrthóirí atá cumasach sa Ghaeilge, nó a bhfuil spéis acu cur lena gcumas sa Ghaeilge.

- Ríomhphost: recruitment@teachingcouncil.ie
- Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0.
- Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gComhairle Mhúinteoireachta tabhair cuairt ar <https://www.teachingcouncil.ie/ga/>

Cúlra

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é an ról atá againn ná an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.

Déanaimid é seo trí mhúinteoirí a chlárú go reachtúil, rud a chinntíonn gairm mhúinteoireachta ardcháilithe, a chomhlíonann agus a chloíonn gach ball le caighdeáin arda gairmiúla inniúlachta agus iompair.

Táimid ag lorg duine le folúntas an Cheannasaí um Chlaochlú Digiteach ag grád Príomh-Oifigeach Cúnta a líonadh.

Teideal an Phoist

Ceannasaí um Chlaochlú Digiteach

Cineál Poist

Buan, lánaimseartha.

Suíomh

An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7XO.

(Tá socruithe oibre cumaisc ar fáil i gcomhréir le Prótacail na Comhairle Múinteoireachta um Oibriú Cumaisc)

An Post

Is ról nua ceannaireachta straitéiseach sinsearach é an Ceannasaí um Chlaochlú Digiteach sa Comhairle Mhúinteoireachta, agus gníomhóidh an té a bheidh sa ról mar chomhairleoir iontaofa ar Chlaochlú Digiteach don eagraíocht. Beidh siad freagrach den chuid is mó as tionscnaimh nua straitéiseacha a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun taithí dhigiteach chláráithe na múinteoirí agus na foirne san eagraíocht a luathú, a athrú agus a fheabhsú.

Mar bhall den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach, cuirfidh an ról ceannaireacht smaoinimh agus feidhmithe i bhfeidhm maidir le dearadh, forbairt agus cur i bhfeidhm claochlú gnó, teicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí sonraí ar fud na heagraíochta, ag leagan amach an fhís agus ag tabhairt páirtithe leasmhara le chéile ar an aistear seo. Déanfaidh siad maoirseacht ar chlár chlaochlaithe dhigiteacha atá le soláthar don eagraíocht agus ag cinnteoidh go gcoimeádtar rannpháirtíocht foirne le linn an phróisis chlaochlaithe.

Príomhdualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Áirítear leis na dualgais agus freagrachtaí atá ag baint leis an ról seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas:

- Ceannaireacht agus tacaíocht dhíreach a thabhairt don Stiúrthóir, do Leas-Stiúrthóirí, agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearach maidir le teicneolaíochtaí digiteacha, claochlú gnó, agus forbairtí amach anseo. Forbairt, pleanáil agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar straitéisí digiteacha, TFC agus sonraí a chinntíonn go mbeidh riachtanais agus rioscaí gnó na heagraíochta sa todhchaí á n-urramú, a sholáthróidh an tuairisceán is fearr ar infheistíocht, a chuirfidh cosaint sonraí dearaidh i gcroílár gach tionscadail agus a chothóidh na leibhéil is airde slándála.
- Foireann na mbunachar sonraí a bhainistiú, ag treorú, ag tabhairt comhairle do agus ag tacú leis an bhfoireann ina gcuid láidreachtaí aonair agus riachtanais forbartha a aithint agus foireann ardfeidhmíochta a chur le chéile. Ceannaireacht fhísiúil a sholáthar, nuálaíocht agus cur chuige atá dírithe ar an gcustaiméir a chothú chun caidrimh éifeachtacha a fhorbairt agus a chothabháil;
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú ar an soláthróir bunachair sonraí agus soláthróirí digiteacha eile, ag cinntiú go gcloítear leis na cleachtais is fearr i ngach gné de bhainistiú agus forbairt bunachair sonraí.
- Eolas leathan a thaispeáint agus chothú ar réitigh theicneolaíochta, treochoirí reatha, teicnící agus caighdeáin, agus glacadh le forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta nua a shaothrú go gníomhach.
- Fócas soiléir a fhorbairt don eagraíocht ar bharrfheabhsú úsáid teicneolaíochta chun luach gnó a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú ó chóras traidisiúnta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú ar an gClár Sonraí Oscailte agus comhoibriú le hAonad Sonraí Oscailte sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú GTI chun a fháil amach conas is féidir leis an eagraíocht ár ranníocaíocht leis an tionscadal a fheabhsú.
- Freagracht as árachas agus comhlíonadh iomlán maidir le seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear caighdeáin agus nósanna imeachta riachtanacha, mar shampla, soláthar poiblí, bainistíocht airgeadais, riachtanais rialachais, caighdeáin slándála cibernéiseach agus na riachtanais a bhaineann le RGCS.
- Tionscadail agus seirbhísí digiteacha a bhainistiú, rioscaí gaolmhara a aithint, a mheas agus a bhainistiú, ag cinntiú go bhfuil pleananna teagmhasacha láidre i bhfeidhm, agus ag glacadh le cur chuige bainistíochta éifeachtacha maidir le réitigh bhuiséad a sheachadadh in am
- Nuashonraithe, beartas agus forbairt straitéiseach a chur i láthair don Chomhairle, don Choiste Iniúchta agus Riosca agus Coistí eile de réir mar is gá
- Tacú le tionscadail ar fud na heagraíochta, comhpháirtíocht a dhéanamh le gach réimse den ghnó agus leas a bhaint as a réimsí eolais an-speisialaithe chun cuspóirí a bhaineann go sonrath le rannán agus leis an eagraíocht ina iomláine a bhaint amach go héifeachtach;

Níor chóir na freagrachtaí atá leagtha amach sa mhíniú seo fostaíochta a chur i gcatagóir uileghabhálach, agus d'fhéadfadh siad a bheith curtha leis nó athraithe de réir mar is gá, i gcomhréir le riachtanais an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Beidh na dualgais atá oiriúnach don phost á n-aithint ag an Stiúrthóir, agus d'fhéadfadh siad raon gníomhaíochtaí a chlúdach, ag ligean do sholúbthacht uasta de réir riachtanas na heagraíochta.

Riachtanais Riachtanacha

Ní mór don iarrthóir rathúil cáilíocht tríú leibhéal a bheith aige nó aici i ndisciplín ábhartha e.g. oideachas, bainistíocht, rialáil, e.g.TFC, anailísíocht ghnó bainistíocht tionscadail, rialáil, etc. cáilíocht chomhionann, le taithí cheannaireachta agus bainistíochta ábhartha shuntasach

agus

- Eolas agus tuiscint a bheith ag an iarrthóir ar obair agus ar spriocanna straitéiseacha na Comhairle Múinteoireachta mar an comhlacht um chaighdeán ghairmiúla don mhúinteoireacht in Éirinn.
- Taithí a bheith ag an iarrthóir maidir le cur i gcrích athruithe digiteacha agus/ nó tionscadail athraithe eagraíochtúla go rathúil
- Tuiscint den scoth ar RGCS agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus oibleagáidí na Comhairle ina leith a thaispeáint.
- Freastal ar na ceanglais atá leagtha amach sa chreat comhoiriúnachta don ghrád Príomhoifigeach Cúnta.

Critéir Inmhianaithe

- Cumas gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Buntáiste a bheadh ann go mbeadh Taithí Roimhe seo agat i dTimpeallacht Rialála.

Critéir Mheasúnaithe Iarrthóra

Déanfar iarrthóirí a mheas ar bhonn an chur síos ar an bpost atá leagtha amach thuas, fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach thuas agus an creat inniúlachta d'fhoireann ghrád Príomhoifigeach Cúnta thíos.

Ceannaireacht

- Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt straitéisí agus beartais na hEagraíochta
- Fócas agus spreagadh a thabhairt chun leibhéal arda fheidhmíochta a thógáil agus a chothú, ag tabhairt aghaidh ar aon saincheistanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn
- Rannpháirtíocht na foirne ina hiomláine a threorú agus a uasmhéadú
- Éifeachtúlacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a réimse féin a bhreithniú
- Spriocanna a shainmhíniú go soiléir, ag spreagadh úinéireachta agus freagracht as tascanna
- Cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, oiliúint a chuir ar fáil agus deiseanna chun scileanna a fhorbairt a chruthú
- Deiseanna a aithint agus a thapú chun leas a bhaint as bealaí seachadta seirbhíse nua agus nuálaíocha

Anailís & Cinnteoireacht

- Taighde críochnúil a dhéanamh ar cheistanna, ag dul i gcomhairle go cuí chun an t-eolas go léir a bhailiú maidir leis an tsaincheist
- Saincheistanna casta a thuiscint go tapa, sonraí a thuiscint go cruinn agus a mheas (sonraí uimhriúla san áireamh)
- Snáitheanna éagsúla faisnéise a chomhtháthú, ag aithint idirghaolta agus naisc
- Breithiúnas a úsáid chun cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe a dhéanamh ar shaincheistanna tábhachtacha
- A chur san áireamh na hiarmhairtí níos leithne, na haidhmeanna agus na híogaireachtaí laistigh de na cinntí agus an tionchar atá acu ar raon leathan páirtithe leasmhara
- Seasamh daingean ar na ceistanna a chreideann siad a bheith tábhachtacha a ghlacadh

Bainistiú agus Seachadadh Torthaí

- Freagracht as tascanna dúshlánacha a ghlacadh agus iad a chomhlíonadh in am agus ar ardchaighdeán

- Pleananna oibre a dhéanamh agus an obair a chur in ord tosaíochta, ag tabhairt tábhacht do na gnéithe éagsúla, lena n-áirítear an t-am, na riachtanais, agus na srianta acmhainní, agus ag athruithe tosaíochta de réir na ndálaí atá ag athrú
- A chinntiú go soláthraítear seirbhís ardchaighdeán agus éifeachtach do chustaiméirí tábhachtacha i gcomhthéacs obair na rannóige
- A fhéachaint go criticiúil ar shaincheisteanna le feiceáil conas is féidir rudaí a dhéanamh níos fearr
- A bheith oscailte do thionscnaimh smaointe nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna
- A chinntiú go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha agus ardluacha a chur ar fáil
- Ilthionscadal a bhainistiú go héifeachtach

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Eolas a chur i láthair ó bhéal agus i scríbhinn, ar bhealach atá muiníneach, loighciúil agus diongbháilte
- Plé oscailte agus cuiditheach maidir le saincheisteanna oibre a spreagadh
- Obair foirne a chur chun cinn laistigh den rannóg, agus oibriú go héifeachtach freisin ar thionscadail le príomhpháirtithe leasmhara
- Fanacht stuama agus faoi smacht agus é/í ag iarraidh dul i bhfeidhm ar dhaoine eile
- Béim láidir a leagan ar sheirbhís do chustaiméirí ina limistéar
- Líonra teagmhálaithe a fhorbairt agus a chothú chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú
- Idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, comhghleacaithe na Seirbhíse Poiblí agus an córas polaitíochta

Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt

- Tuiscint shoiléir a bheith aige/aici ar a ról, ar a c(h)uspóirí agus ar a spriocanna féin agus ar ról agus cuspóirí agus spriocanna na foirne agus an bhaint atá acu le hobair an aonaid agus na Roinne/na hEagraíochta
- Eolas fairsing agus domhain a bheith aige/aici ar shaincheisteanna Roinne agus Rialtais agus a bheith íogair maidir le tosaíochtaí polaitiúla agus eagraíochtúla níos leithne
- Tugtar speisialtóir orthu ag príomhpháirtithe leasmhara ina réimse oibre féin
- Is duine dírithe ar fhéinforbairt, ar lorg aiseolais agus deiseanna le haghaidh fáis chun cuidiú leis/léi riachtanais shonracha an ról a chur i gcrích é/í

Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí

- Is duine féinspreagtha é/í agus tá fonn air/uirthi feidhmiú go leanúnach ag leibhéal ard
- Is duine macánta agus iontaofa go pearsanta é/í agus is féidir brath air/uirthi
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
- Trí shampla a thabhairt, cothaíonn sé/sí na caighdeáin is airde eitice agus ionracais

Próiseas Iomaíochta

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais seo a chomhlánú. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán. Nuair a bheidh d'iarratas comhlánaithe agat ní mór duit é a sheoladh ar aghaidh chuig recruitment@teachingcouncil.ie.

Ní mór gach foirm iarratais a chur isteach i bhformáid Microsoft Word amháin.

Dáta Deiridh

Ní mór d'iarratas a chur isteach trí ríomhphost tráth nach déanaí ná **10r.n. ar Dé Luain, 6 Eanáir 2025**.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 5 lá oibre ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le recruitment@teachingcouncil.ie.

Ba chóir d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí atá sonraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais cruinn.

Modhanna Roghnúcháin

Áireofar sa roghnú:

- iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina bhfoirm iarratais.
- agallamh bunaithe ar inniúlacht.

Gearrliostú

Is gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost ná mar a theastaíonn chun folúntais reatha a líonadh. Cé go sásódh iarrthóir na riachtanais cháilitheachta don chomórtas, má tharlaíonn sé go gcuireann an oiread sin daoine isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, d'fhéadfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta cinneadh a dhéanamh gan ach líon áirithe iarrthóirí a ghlaoch chuig agallamh.

I dtaca leis seo, cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa a roghnú le haghaidh agallaimh, atá, bunaithe ar scrúdú na foirmeacha iarratais, cosúil go bhfuil siad na daoine is oiriúnaí don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i gcoinne na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar na riachtanais den phost.

Ní baintear as an méid sin go gcaithfidh go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeidís in ann don phost ach gur cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil cuid de na hiarrthóirí níos cáilithe ná a chéile nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Aguisín a hAon

Cuid a haon (Coinníollacha a bhaineann go háirithe leis an bpost seo).

Pá

Is é an scála pá don Oifigeach Príomhoifigeach Cúnta an t-iomlán seo a leanas:

Ráta Pá Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

€79,086 €81,999 €84,952 €87,914 €90,873 €92,579 €95,563¹ €98,559²

Beidh feidhm ag an ráta seo nuair is earcach nua chuig an tseirbhís phoiblí iad an duine a cheapfar nó gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí iad a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus déanann siad ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach. Déanfar an ráta seo a choigeartú de réir scálaí pá athbhreithnithe arna bhfoilsíú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Is Incrimint Fadseirbhíse é LSI 1 tar éis 3 bliana ar Uasmhéid an scála.*

**Is Incrimint Fadseirbhíse é LSI 2 tar éis 6 bliana ar Uasmhéid an scála.*

Nóta Tábhachtach: Ba chóir d'Iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh an iontráil ag íosmhéid an scála agus nach mbeidh sé faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a bhronnadh faoi réir feidhmíochta sásúla agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hincrimintí tuarastail sa Státseirbhís/seirbhís phoiblí go ginearálta. I gcúinsí áirithe, féadfaidh coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí ar seirbhís é an duine ceaptha, díreach roimh an gceapachán. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaí iasachtaí de thréimhse sheasta ó chomhlachtaí eile san Earnáil Phoiblí a bhreithniú.

Aguisín a Dó

Cuid a dó (Coinníollacha a bhaineann go ginearálta leis an oifigeach leis an bpost seo).

Promhadh

Ní mór don duine ceaptha tréimhse phromhaidh a chur isteach, a mhairfidh naoi mí de ghnáth. Má bhíonn seirbhís an duine ceaptha sásúil ó thaobh sláinte, iompair, éifeachtúlachta agus feidhmíochta go ginearálta le linn na tréimhse promhaidh, deimhneofar an ceapachán.

Dualgais

Ceanglófar ar an duine ceaptha aon dualgais a shanntar ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don ról.

Fostaíocht Eile

Is post lánaimseartha é, agus ní fhéadfaidh an duine ceaptha gabháil do chleachtas príobháideach ná baint a bheith aige le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Ní mór soiléiriú a lorg ón mbainistíocht líne má bhíonn aon amhras ann.

Ceanncheathrú

Tá ceanncheathrú na Comhairle Múinteoireachta lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh an post seo lonnaithe ansin. Tá prótacal oibre cumaisc forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar aon dul leis an gCreat Beartais um Oibriú Cumaisc d'Eagraíocht na Státseirbhíse. Féadfaidh fostaithe iarratas a dhéanamh ar shocrú oibre cumaisc de réir riachtanas eagraíochtúil.

Uaireanta Tinrimh

Beidh na huaireanta tinrimh socraithe agus ní bheidh siad níos lú ná 35 uair, glan ar shosanna, in aghaidh na seachtaine. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise as tinreamh breise mar go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon dlíteanas freastail breise eisceachtúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

Saoire Bhliantúil

Is 30 lá sa bhliain a bheidh an méid saoire bhliantúil. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

Saoire Bhreiteachta

Íocfar pá ar bhonn pro rata le linn saoire bhreiteachta teistithe de réir forálacha ciorclán ar shaoire bhreiteachta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan do sheirbhís.

Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear téarmaí pinsin na seirbhíse poiblí agus coinníollacha aois scoir don duine ceaptha de réir socrú pinsin na Comhairle Múinteoireachta ag brath ar stádas an duine ceaptha rathúil.

Go ginearálta, beidh duine nach bhfuil aon stair inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo aige sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nach bhfuil ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá ó phost inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí ina bhall den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair). Tosáidh an scéim seo ar an 1 Eanáir 2013 agus tagraítear dó i nGnáth-Ailt 10 de Chomhaontú Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Rialacháin Eile) 2012.

Fanfaidh duine atá ar iasacht ina b(h)all de scéim pinsin na máthair-eagraíochta agus beidh an luach saothair inphinsin bunaithe ar a g(h)rád substainteach i.e., an grád ag a bhfuil an duine fostaithe ina m(h)áthair-eagraíocht.

Beidh téarmaí caighdeánacha pinsin seirbhíse poiblí ag duine a bhí ina b(h)all de 'scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana' mar a fhorléirítear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Pinsin Eile), 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht den Scéim Aonair a léiríonn stádas iontrálaí nua nó neamh-iontrálaí nua chun críocha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004.

Faisnéis Eile

Ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine ar fheachtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú agus níl ráthaíocht ag dul leis go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach duit, mar sin, a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach mar sin féin go bhfreastalaíonn tú ar agallamh beidh tú ag cur costas neamhriachtanach ort féin.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh le bheith ceaptha don phost seo déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinntiú. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, agus ansin tugann sé/sí é suas nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, déileálfar le hiarratais go huile is go hiomlán faoi rún.

Ag meas go bhfuil an iarrthóireacht tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh eile ag iarrthóirí nach dtéann ar agallamh nuair agus áit a n-éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta, nó nach dtugann, nuair a iarrtar sin, cibé fianaise a éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Aiseolas maidir leis an bpróiseas

Cuirfear aiseolas ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn tar éis na céime agallaimh. Ní chuirtear aiseolas ar fáil ag an gcéim ghearrliostaithe. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh laistigh de cúig lá oibre tar éis chinneadh na Comhairle a bheith curtha in iúl duit.

Oibleagáidí iarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad de bharr canbhásála agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta.
- canbhasáil duine ar bith le nó gan dreasachtaí.
- cur isteach ar an bpróiseas nó an próiseas a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú má fhaightear ciontach i gcion é/í. Dlitear fíneáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás ina raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nach mbeidh an t-iarrthóir ceaptha chun poist, beidh sé dícháilithe mar iarrthóir; agus
- i gcás ina mbeidh an t-iarrthóir ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta i gceist, forghéillfidh siad an cheapachán sin.

An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, déanaimid taifead i d'ainm ina bhfuil go leor den eolas pearsanta a chuir tú ar fáil. Tá an fhaisnéis seo faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 nó RGCS 2018, cuir isteach d'iarratas i scríbhinn chuig dpo@teachingcouncil.ie.

Cinntigh le do thoil go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead cuí a aithint. Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair as taifid chun críocha staidrimh ginearálta.